# An Fiosraitheoir

## Tasc 1: Ag Fiosrú Focal

1. Cén acu thíos atá ar comhchiall le **suimiúil**?
   (a) Spéisiúil
   (b) Cáiliúil
   (c) Galánta

2. Tá an *frása* **is féidir** i *bparagraf* 1. An bhfuil dóigh eile leis seo a rá?

3. Cé acu thíos atá contrártha le **úsáideach**?
   (a) Gan mhaith
   (b) Suimiúil
   (c) Dalba

4. Ba é Gustave Eiffel a thóg Túr Eiffel. Ainmnigh 3 rud eile a thógann daoine.

## Tasc 2: Ag Fiosrú Feasa

1. Cad é ábhar an téacs seo go príomha?

2. Cad é a thaitin leat *faoin* téacs seo?

3. Luaigh rud amháin suimiúil a d'*fh*oghlaim tú ón téacs seo.

4. Tá a lán fíricí faoin túr sa téacs seo. Cad é an ceann is suimiúla, do bharúil?

5. An bhfuil eolas nó fíricí ar bith agat faoi thúr nó faoi fhoirgneamh clúiteach eile ar domhan?

CCEA
Rewarding Learning

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

3 Túr Eiffel

Foilseachán de chuid CCEA © 2016

Curaclam Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana



## Túr Eiffel

# Túr Eiffel

Tá Túr Eiffel ar an túr is clúití agus is suimiúla ar domhan. Tá sé 328 méadar ar airde agus é suite i lár chathair Pháras, príomhchathair na Fraince. **Is féidir** é a fheiceáil ó chóir a bheith gach áit i bPáras. Nuair a thugann daoine cuairt ar Pháras, tugann siad cuairt ar an túr de ghnáth.

Fear darbh ainm Gustave Eiffel, a bhí ina thógálaí droichid, a thóg é. Thosaigh siad ag tógáil an túir, nó La Tour Eiffel mar a thugtar air sa Fhraincis, sa bhliain 1887 agus ghlac sé dhá bhliain lena thógáil. Níor shíl duine ar bith ag an am sin go mbeadh sé go fóill in airde sa lá atá inniu ann. Bhí plean ann é a leagan in 1909 ach shocraigh siad gan sin a dhéanamh as siocair gur shíl siad go mbeadh sé **úsáideach** mar **aeróg** raidió.

Seo roinnt fíricí **suimiúla** faoin túr:

- Tá 2 bhialann ann.
- Caithfidh siad an túr a phéinteáil gach seacht mbliana. Bíonn 60 000 cileagram de phéint de dhíth lena phéinteáil! Sin an meáchan céanna atá i ndeich n-eilifint.
- Caithfidh tú 1665 céim ar fad a ghlacadh má tá tú ag iarraidh dul suas go barr an túir agus, ar ndóigh, 1665 céim le teacht anuas arís.
- Bíonn cuma speisialta dhraíochtach ar an túr cháiliúil nuair a théann an ghrian faoi agus nuair a chuirtear na soilse geala air. Tá 20 000 bolgán ar fad ann.
- Tagann thart faoi 7 milliún duine ar cuairt chuig an túr gach bliain.
- Éiríonn an túr 15 cm níos airde má bhíonn an lá te.
- Nuair a bhíonn gaoth láidir ag séideadh bogann barr an túir 7 cm ó thaobh go taobh.

Is cinnte gur foirgneamh speisialta é Túr Eiffel. B'fhéidir go mbeidh tú féin ábalta cuairt a thabhairt air lá éigin nó post a fháil ann ag péinteáil an túir nó ag athrú na mbolgán!

# Ceisteanna

**1. Cá fhad atá Túr Eiffel ann anois?**

(a) 10 mbliana
(b) Níos mó ná 100 bliain
(c) Níos mó ná 1000 bliain

**2. Is féidir Túr Eiffel a fheiceáil ó chóir a bheith gach áit i bPáras cionn is:**

(a) go bhfuil sé iontach láidir.
(b) go bhfuil sé iontach ard.
(c) go gcuireann siad péint air gach seacht mbliana.

**3. Cérbh é Gustave Eiffel?**

(a) An fear a leag an túr
(b) An fear a thóg an túr
(c) An fear a d'oibrigh sa bhialann

**4. Cé acu abairt thíos atá fíor?**

(a) Éiríonn an túr níos mó nuair a bhíonn an lá fliuch
(b) Tugann cuid mhór daoine cuairt air gach bliain
(c) Bíonn na soilse lasta i rith an lae

**5. Cad é a tharlaíonn don túr lá gaofar?**

(a) Bogann sé giota beag ó thaobh go taobh
(b) Éiríonn sé iontach geal
(c) Druidtear an túr

**6. Cén fáth nár leagadh an túr, do bharúil?**

(a) Bhí sé rómhór
(b) Bhí cuid mhór turasóirí ag teacht chuige
(c) Mar gheall ar an tábhacht a bhí leis an raidió

**7. I bparagraf 2 tá an focal aeróg in úsáid mar:**

(a) réamhfhocal.
(b) aidiacht.
(c) ainmfhocal.

**8. Cén sórt téacs é seo?**

(a) Neamhfhicsean
(b) Ficsean
(c) Dialann